Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0336(NLE)**

**13098/20**
**ADD 1**

**TRANS 529**
**COWEB 163**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 759 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 759 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2020) 759 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.11.2020
COM(2020) 759 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**faoin seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 a ghlacadh**

**IARSCRÍBHINN I**

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. /2020**
**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**
**maidir le glacadh bhuiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh na bliana 2021**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagail 24(1) agus 35 de,

TAR ÉIS CINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2021 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

(1) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na rialacha airgeadais agus nósanna imeachta iniúchta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, féadfar leithreasuithe de líne bhuiséid ar leith le haghaidh bhuiséad 2021 a úsáid chun críocha a bhaineann le líne bhuiséid eile, laistigh den teorainn iomlán 10 % de leithreasuithe na líne buiséid ar leith sin. Beidh feidhm aige sin maidir leis an líne bhuiséid a bhaineann le buiséad na n-acmhainní daonna.

(2) Maidir le leithreasuithe a thugtar ar aghaidh chun bheith comhfhreagrach le hoibleagáidí a síníodh ag deireadh 2020, mar a shonraítear sa bhuiséad a ghabhann leis seo, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh na húsáide dá dtagraítear sa chéad mhír. Ní chuirfear san áireamh iad chun an t-uasmhéid a chomhfhreagraíonn don teorainn 10 % dá dtagraítear ann a chinneadh.

*Airteagal 3*

(3) Déanfar leithreasuithe nár gealladh faoi dheireadh na mblianta airgeadais 2019 agus 2020 a chur ar ceal agus a íoc ar ais leis na Páirtithe i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar síos in Iarscríbhinn V den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na ranníocaíochtaí iarbhír a íocadh.

Arna dhéanamh i/sa..., an ... 2020.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR DON BHLIAIN 2021

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| **1. Buanrúnaíocht** | |
| 1.1. Acmhainní daonna | 1 465 706 |
| 1.2. Costais taistil | 237 600 |
| 1.3. Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 403 080 |
| - *An méid atá ina chreidmheasanna nua* | *308 080* |
| - *Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar ar aghaidh a chomhfhreagraíonn oibleagáidí a síníodh ag deireadh 2020 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2021* | *95 000*[1] |
| 1.4. Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>- Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (Iniúchadh, Infheictheacht, Oiliúint Foirne, Muirir Bhainc)<br>- Costais Chruinnithe agus Chomhdhála<br>- Costais Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide<br>- Costais Earcaíochta | 262 890 |
| 1.5. STAIDÉIR, Cúnamh Teicniúil chun tacú le *Acquis* agus Pleananna Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. | 690 000 |
| - *An méid atá ina chreidmheasanna nua* | *560 000* |
| - *Méid na leithreasuithe buiséid a dtugtar ar aghaidh a chomhfhreagraíonn oibleagáidí a síníodh ag deireadh 2020 agus a bhfuil íocaíochtaí dlite ina leith in 2021* | *130 000*[2] |
| **2. An Chomhairle Aireachta** | |
| 2.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 60 000 |
| **3. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach** | |
| 3.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 25 450 |
| **4. Coistí Teicniúla** | |
| 4.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 114 100 |
| **5. An Fóram Sóisialta** | |

[1] Méid táscach: nósanna imeachta um sholáthar maidir le bogearraí teileachomhdhála físe agus bogearraí cuntasaíochta/AD atá ar bun, meastar go síneofar conarthaí i mí na Nollag 2020

[2] Méid táscach: nós imeachta um sholáthar maidir le Cúnamh Teicniúil le haghaidh Faireachlann Iompair atá ar bun, meastar go síneofar conradh i mí na Nollag 2020

| | |
|---|---|
| 5.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 16 300 |
| **Cúlchiste (thart ar 8 % de na criedmheasanna nua)** | 249 874 |
| **Iomlán na gcreidmheasanna nua** | **3 300 000** |
| **Iomlán an mhéid a tugadh ar aghaidh ó 2020** | **225 000**[3] |
| **Móriomlán** | **3 525 000**[4] |
| | |
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % de na creidmheasanna nua) | 2 640 000 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % de na creidmheasanna nua: in Iarscríbhinn V a ghabhann le TCT gheofar an dáileadh in aghaidh gach tíre) | 660 000 |

[3] Méid táscach, an méid deiridh atá le deimhniú i mí na Nollag 2020 nuair a dhúnfar na nósanna imeachta um sholáthar comhfhreagracha agus nuair a síneofar na conarthaí

[4] Méid táscach, an méid deiridh le deimhniú nuair a bheidh an méid iomlán a tugadh ar aghaidh ó 2020 ar eolas